Ceacht

1

CORPOIDEACHAS

Snáithe: Gníomhaíochtaí lasmuigh & gníomhaíochtaí eachtraíochta

Snáithaonad: Treodóireacht

Cuspóirí Curaclaim:

Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste:

- an tuiscint atá acu ar threoshuíomh léarscáile chomh maith leis an gcumas atá iontu bealach a roghnú agus a leanúint a mheas.

GAEILGE

Snáithe: Teanga ó Bhéal

Gné: Tuiscint

***Torthaí Foghlama:**

**Cé go bhfuil Torthaí Foghlama ar leith sonraithe anseo mar eiseamlair, tá saoirse ag an múinteoir breithiúnas ghairmiúl a dhéanamh chun Torthaí Foghlama cuí a roghnú a oireann don cheacht, do chúinsí na scoile agus a oireann do eispéiris agus cumais na bpáistí.*

Trí eispéiris chuí foghlama tarraingteacha ba cheart go mbeadh páistí in ann :

TF6 -***Léiriú tuisceana***:

tuiscint a léiriú trí threoracha a leanúint agus a thabhairt. tuiscint a léiriú trí míniúcháin agus cur síos a thuiscint.
TF4- ***Struchtúr abairte agus gramadach:***
úsáid a bhaint as abairtí leanúnacha leis an aimsir cheart, le hord ceart na bhfocal agus le struchtúr ceart na habairte.

Áit

- Spás mór laistigh nó lasmuigh

Fearas:

- Trí thacar de sé chón, sé litir (trí sheit).
- Comhartha **'Ó thuaidh'**.
- Ollphlean
- Bileoga bealaigh
- Bileog freagraí.
- Cláir fáiscthe agus páipéar do gach páiste.
- Cártaí meaitseála – siombailí léarscáile agus focail.
- Léarscáil den scoil (lannaithe agus gearrtha i gcodanna).

Tá samplaí de na háiseanna riachtanacha is féidir a chóipeáil ag deireadh an phleain seo.

Tagairtí:

- Primary Language Curriculum / Curaclam Teanga na Bunscoile (2019)
- Curaclam na Bunscoile 1999 Corpoideachas lch (57-59)
- Corpoideachas: Treoirlínte do Mhúinteoirí 1999 (Lch 91)
- Tionscnamh Spóirt i mBunscoileanna (PSSI) 1999 (https://pssi.pdst.ie/
- Gluais go Maith, Gluais go Minic (PDST) https://www.pdst.ie/physlit
- Liathróid Spraoi (Clever Mind Toys) www.udar.ie

Teanga don fhoghlaim

****** Eiseamláirí agus sainfhoclóir a bhaineann leis an gceacht**

Tá réimse leathan foclóra agus teanga ag baint leis na ceachtanna seo. Tá teanga féideartha leagtha amach thíos. Ní gá go mbeadh múinteoir ag díriú ar an bhfoclóir ar fad atá luaite anseo. Moltar dul siar ar aon teanga atá ag na páistí cheana agus an teanga nua is mian leat a chleachtadh agus a mhúineadh a thabhairt do na páistí de réir a chéile. D'fhéadfaí an foclóir agus na frásaí nua a úsáid go neamhfhoirmiúil le linn gnáthaimh an lae. Déan iarracht an oiread agus is féidir den fhoclóir a mhúineadh roimh ré mar ullmhúchán do na gníomhaíochtaí treodóireachta.

Foclóir: cón, tacar, litir, léarscáil, bileog bhealaigh, fearann na scoile, tús, críoch, foirgneamh, cosán, balla, claí, cárta gníomhaíochta, ar dtús, ansin, ina dhiaidh sin, ar deireadh, ar dheis, ar chlé, taobh na láimhe deise, taobh na láimhe clé, bunoscionn, ó thuaidh, ó dheas, os comhair, taobh thiar, tosach, cúl, taobh deas, taobh clé, ó thuaidh, triantán, ciorcal, dronuilleog, siombail, siombailí léarscáile, rás sealaíochta,

*Tá sé tábhachtach an foclóir seo a mhúineadh i gcomhthéacs abairte mar atá léirithe in Teanga an Mhúinteora agus Teanga an Pháiste ar an gcéad leathanach eile.

Teanga an mhúinteora:

Beimíd ag dul go dtí an clós/páirc na himeartha/fearann na scoile.
Beidh treodóireacht ar siúl againn/agaibh.
Beidh oraibh rudaí a aimsiú.
Beidh oraibh an tsiombail (rialaitheoir) a aimsiú agus í a chlárú ar an mbileog.
Seo na siombailí a bheidh á lorg againn. Seasann an tsiombail seo do x
Cuir ort do chóta/ Cuirigí oraibh bhur gcótaí.
Déanaigí grúpaí de thriúr.
Beidh foirne de cheathrar/de chúigear againn.
Leanaigí an cosán nuair a théann sibh amach.
Rithigí ar thaobh na láimhe deise, rithigí ar thaobh na láimhe clé.
Beidh an seisear agaibh le chéile.
Beidh triantán ag an tús.
Is tusa an chéad, dara, triú, ceathrú, cúigiú, séú & rl duine.
An bhfuil peann luaidhe/léarscáil/bileog ag gach aon duine?
An bhfeiceann sibh na cóin? Tá na litreacha a, b, c, d, e, f faoi bhun na gcón.
An dtuigeann sibh? Ordóga suas/ordóga síos.
Ar dtús, beidh oraibh breathnú ar bhur gcártaí agus ansin na litreacha a aimsiú san ord ceart. Taispeánfaidh mé daoibh conas é a dhéanamh.
Cas an léarscáil sa treo ceart. Treoshuigh an léarscáil!
Tá an leathanach/léarscáil/bhileog bunoscionn agat.
Tá an léarscáil gearrtha i bpíosaí, beidh oraibh an léarscáil a chur ar ais le chéile.
Tar éis nod a fháil, rithigí chuig an marc ar bhur seal agus tabhair píosa den léarscáil ar ais abhaile libh.
Seasaigí taobh thiar den líne.
Ar aghaidh libh, Tóg/tógaigí do/bhur seal, Glacaigí seal,
Beidh oraibh an tsiombail a mheaitseáil leis an bhfocal ceart
An bhfuil na siombailí ar eolas agaibh?
Déanfaimid arís é le dath difriúil. Tabhair dom an x le do thoil.
Beidh an bua ag an bhfhoireann a chuireann a léarscáil le chéile ar dtús.
Níl cead ag aon duine a bheith ag brú.
Conas atá ag éirí leat/libh?
Cad atá cearr?
Siúlaigí /rithigí timpeall an chlóis. Siúlaigí go mall – níos moille.
Croith/croithigí do chosa do lámha /bhur gcosa, bhur lámha Bígí ag análú.
Iarracht iontach – bain triail as arís!
Comhghairdeas libh!

Teanga an pháiste:

An bhfuil cead agam mo chóta a fháil?
Ba mhaith liom bheith ar an bhfoireann chéanna le x.
Cad is brí leis an tsiombail seo?
Cén chiall atá leis an tsiombail seo?
Ní fheicim an triantán/ciorcal/dronuilleog.
An bhféadfá é sin a rá arís le do thoil?
Ní thuigim.
Chaill mé mo pheann luaidhe.
Cá bhfuil taobh na láimhe deise/clé?
Cá bhfuil sé?
Tá x ag brú orm.
Is mise an chéad /dara/triú & rl duine.
Cé mhéad duine atá ar fhoireann?
Tá sé aimsithe agam/ níl sé aimsithe agam fós.
Tá na litreacha ar fad aimsithe agam.
Ní féidir liom teacht ar x./Ní féidir liom x a aimsiú.
Níl a fhios agam conas… Ní thuigim…
Táim/táimid críochnaithe.
Rith/rithigí
Brostaigh/brostaigí
Bhí an bua againne.
Bhuaigh ár bhfoireann,
Tá sé bun os cionn.
Tá cabhair uaim. An gcabhróidh tú liom?
Tá ag éirí go maith liom/linn.
Ní féidir liom rith – tá cos tinn agam.
Bhain mé an taitneamh as sin, bhí sé go hiontach.
An bhfuil cead againn é a dhéanamh arís?

Tréimhse réamhghníomhaíochta/réamhchumarsáide

- **Cothú spéise:**

Abair leis na páistí go bhfuil siad chun dul i mbun gníomhaíochtaí treodóireachta amuigh i bhfearann na scoile.
Déan gníomhaíocht réamhaclaíochta ón leabhar *Gluais go Maith, Gluais go Minic*
https://pdst.ie/sites/default/files/FMS%20Book%203%20Gaeilge_0.pdf
m.sh *Deic an Chaptaein* (lch 13) chun na páistí a chur i mbun gluaiseachta agus i mbun treoracha a leanúint as Gaeilge. Léirigh na treoracha.

- **Ionchur teanga:**

Conas an sainfhoclóir/téarmaíocht a mhúineadh.

- Ní mór réamhullmhúchán a dhéanamh agus an teanga a bhaineann le treoracha a leanúint a chleachtadh trí aithris agus athrá leis na páistí. Ba chóir seo a dhéanamh go háirithe le linn bainistíocht ranga agus gnáthchaint an lae.
- Caithfear an teanga ar leith a bhaineann le Treo a mhúineadh freisin. D'fhéadfaí úsáid a bhaint as cuid de na sleamhnáin atá sa chur i láthair (Ceacht 6) Airde an Chompáis https://www.forasnagaeilge.ie/fuinn/an-gum/aiseanna-bunscoil/feach-thart-rang-4/feach-thart-rang-4-tireolaiocht/ chun an teanga sin a chur i láthair na bpáistí. (*Moltar seo a dhéanamh sula dtugtar faoi na ceachtanna Treodóireachta.*)
- Bain leas as ceisteanna, aithris agus athrá le cleachtadh a dhéanamh ar an bhfoclóir nua.
- Léirigh an teanga nua ar luaschártaí & phóstaeir/ phrionta sa seomra ranga**.**
- Cuir béim ar struchtúr na teanga chomh maith le tuiscint san ionchur teanga.

Gaeilge an mhúinteora:

Beimid ag dul go dtí an clós/páirc na himeartha/fearann na scoile.
Beidh treodóireacht ar siúl againn/agaibh.
Beidh oraibh rudaí a aimsiú.
Beidh oraibh an tsiombail (rialaitheoir) a aimsiú agus í a chlárú ar an mbileog.
Seo na siombailí a bheidh á lorg againn.
Seasann an tsiombail seo do x.
Cuir ort do chóta/ Cuirigí oraibh bhur gcótaí.
Leanaigí an cosán nuair a théann sibh amach.
Rithigí ar thaobh na láimhe deise, rithigí ar thaobh na láimhe clé.
Níl cead ag aon duine bheith ag brú.
Beidh triantán ag an tús.
An dtuigeann sibh? Ordóga suas/ordóga síos.

Gaeilge na bpáistí:

An bhfuil cead agam mo chóta a fháil?
Ba mhaith liom bheith ar an bhfoireann chéanna le x.
Cad is brí leis an tsiombail seo?
Cá bhfuil taobh na láimhe deise/clé.
Tá x ag brú orm.

Tréimhse ghníomhaíochta/ chumarsáide

Tá treoracha níos mine, pointí teagaisc agus áiseanna a bhaineann leis na gníomhaíochtaí treodóireachta ar fáil níos déanaí sa doiciméad seo.

1. Bileog bhealaigh
Tabhair bileog bhealaigh, peann luaidhe agus páipéar do gach páiste.
Roinn na páistí i dtrí ghrúpa. Cuir grúpa le gach tacar cóin.
Mínigh go bhfuil litir faoi gach cón agus gur gá na litreacha a bhailiú san ord atá leagtha amach ar an mbileog.
Mínigh go bhfuil bileoga difriúla acu.
Léirigh cúpla bealach ansin agus lig do na páistí tosú.
Bailigh na bileoga freagraí le hiad a mheas.

2. Rás tóraíochta & sealaíochta
Roinn na páistí i bhfoirne- ceathrar/ cúigear ar gach foireann.
Seasann gach foireann i líne taobh thiar den mharc tosaithe.
Cuir ceithre mharc, le spás maith eatarthu, os comhair na bhfoirne.
Cuir codanna de léarscáil na scoile atá gearrtha i bpíosaí faoi bhun gach marc.
Tar éis nod a fháil, ritheann gach ball foirne chuig an marc ar a seal agus tógann siad píosa den léarscáil ar ais abhaile leo.
Bíonn an bua ag an bhfhoireann a chuireann a léarscáil le chéile ar dtús.
Is féidir seo a dhéanamh arís eile ag athrú dathanna maidir le héagsúlacht.

Rás sealaíochta le siombailí léarscáile
Déan 5/6 chóip de na siombailí léarscáile (sna hacmhainní ag deireadh an doiciméid).
Roinn na páistí i bhfoirne de sheisear.
Seasann siad ag na marcanna tosaithe
Cuir bosca leis an tsiombail léarscáile cúig mhéadar chun cinn ar na foirne.
Cuir na focail mheaitseála i mboscaí ag na marcanna tosaithe.
Tógann gach páiste focal ar a seal, ritheann siad chuig an mbosca eile leis an gcomhartha cuí a fháil agus abhaile leo.
Bíonn an bua ag an bhfoireann a mheaitseálann na siombailí ar dtús.

Má chuireann páistí ceist as Béarla agus na gníomhaíochtaí ar siúl acu tabhair freagra i nGaeilge.

Gaeilge an mhúinteora:

Beidh an seisear agaibh le chéile. Seo duit x.
Is tusa an chéad, dara, triú, ceathrú, cúigiú, séú & rl duine.
An bhfuil peann luaidhe/léarscáil/bileog ag gach aon duine?
An bhfeiceann sibh na cóin? Tá na litreacha a, b, c, d, e, f, faoi bhun na gcón. Ar dtús, beidh oraibh breathnú ar bhur gcártaí agus ansin na litreacha a aimsiú san ord ceart. Taispeánfaidh mé daoibh conas é a dhéanamh.
Cas an léarscáil sa treo ceart. Treoshuigh an léarscáil!
Tá an leathanach/léarscáil/bhileog bunoscionn agat.
Tá an léarscáil gearrtha i bpíosaí, beidh oraibh an léarscáil a chur ar ais le chéile.
Seasaigí taobh thiar den líne.
Ar aghaidh libh, Tóg/tógaigí do/bhur seal, Glacaigí seal.
Beidh oraibh an tsiombail a mheaitseáil leis an bhfocal ceart
An bhfuil na siombailí ar eolas agaibh?
Déanfaimid arís é le dath difriúil.
Tabhair dom an x le do thoil.
Cad atá cearr?

Gaeilge na bpáistí:
Is mise an chéad /dara/triú & rl duine.
Cé mhéad duine atá ar fhoireann?
Ní fheicim an triantán.
Tá sé aimsithe agam.
Tá na litreacha ar fad aimsithe agam.
Ní féidir liom teacht ar x. Ní féidir liom x a aimsiú.
Níl a fhios agam conas… Ní thuigim…
Táim/táimid críochnaithe.
Bhí an bua againne.
Tá sé bunoscionn.
Chaill mé mo pheann luaidhe
Tá cabhair uaim.
An gcabhróidh tú liom?
Tá ag éirí go maith liom.

Tréimhse iarghníomhaíochta/ iarchumarsáide

Déan gníomhaíocht iaraclaíochta (fuaraithe) leis na páistí, m.sh

Iarr ar na páistí rith timpeall an chlóis ag moilliú de réir a chéile ó bogshodar go siúlóid go siúlód mhall go seasamh. Iarr orthu análú isteach go mall agus a lámha a shíneadh amach, ansin iarr orthu análú amach go mall agus a lámha a tharraingt isteach.

D'fhéadfaí an Liathróid Spraoi a úsáid chun dul siar ar na treoracha chomh maith leis an teanga a chleachtadh, a dhaingniú, a neartú agus a shaibhriú.

Gaeilge an mhúinteora:
Siúlaigí /rithigí/bígí ag bogshodar timpeall an chlóis.
Siúlaigí go mall – níos moille.
Croith/croithigí do chosa do lámha /bhur gcosa, bhur lámha.
Bígí ag análú.
Ar bhain sibh taitneamh as sin?

Gaeilge na bpáistí:
Ní féidir liom rith – tá cos tinn agam
Bhain mé an-taitneamh as sin, bhí sé go hiontach.

Measúnú (Conas a dhéanfar measúnú ar fhoghlaim na bpáistí – forbairt teanga agus foghlaim an ábhair?)

Breathnóireacht an mhúinteora: Siúil timpeall le linn na gníomhaíochta i mbun breathnóireachta ar na páistí. Dírigh ar fhoghlaim an ábhair agus ar úsáid na Gaeilge.

Ceistiúcháin: Cuir ceisteanna ar na páistí go rialta agus iad i mbun gníomhaíochta lena dtuiscint a mheas agus ag deireadh an ranga le dul siar ar an bhfoghlaim ábhair agus teanga.

Féinmheasúnú: Úsáid ordóga suas/síos le tuiscint na bpáistí a mheas.

Dialann an mhúinteora: Coinnigh nótaí den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise uathu.

Féinmheasúnú an mhúinteora: An raibh mé dílis don Chorpoideachas mar ábhar? An raibh béim ar ghníomhaíochtaí coirp? An raibh mé dílis don Ghaeilge? An ndéarna mé ionchur teanga oiriúnach? An raibh deiseanna fíorchumarsáide ag na páistí? Ar chuir mé tacaíochtaí oiriúnacha ar fáil chun cuidiú le tuiscint agus foghlaim na bpáistí? Ar dhírigh mé ar na Torthaí Foghlama Teanga chomh maith leis na Cuspóirí Ábhair? Ar éirigh leis na páistí tuiscint a fáil ar threoshuíomh léarscáile? Cén cumas atá ag na páistí bealach a roghnú agus a leanúint a mheas? Ar léirigh na páistí tuiscint trí threoracha a leanúint agus a thabhairt? Ar léirigh na páistí tuiscint trí mhíniúcháin agus cur síos a thuiscint? An raibh na tascanna in oiriúint do leibhéal aoise na bpáistí? An raibh na treoracha a thug mé soiléir? An raibh deis ag na páistí an Ghaeilge a úsáid go cumarsáideach? Cad iad na dúshláin a bhí ag na páistí le linn an cheachta?

https://ncca.ie/media/1351/assessment-guidelines.pdf

Tréimhse ghníomhaíochta/ chumarsáide

EAGAR AN RANGA	GNÍOMHAÍOCHTAÍ	POINTÍ TEAGASC
Cóipeáil agus lannaigh trí thacar de bhileoga bealaigh agus litreacha. Roinn do spás oibre ina thrí chuid. Cuir sé chón i dtrí line, iad aon mhéadar amháin óna chéile mar atá sa léaráid. Cuir an litir cheart faoi gach lorg/cón. Féach ar an ollphlean chun a chinntiú go bhfuil rudaí san áit cheart. Cuir an comhartha ‘ó thuaidh’san áit cheart. Roinn na páistí ina dtrí ghrúpa.	**Téamh suas agus síneadh: Téigh go dtí do leabhar téamh suas.** **1. Bileog Bhealaigh** Tabhair bileog bhealaigh, peann luaidhe, agus páipéar do gach páiste. Roinn na páistí i dtrí ghrúpa. Cuir grúpa le gach tacar cóin. Mínigh go bhfuil litir faoi gach cón agus gur gá na litreacha a bhailiú san ord atá leagtha amach ar an mbileog. Déan cúpla bealach a léiriú sula dtugann tú cead do na páistí tosú. Tabhair uimhir dhifriúil thosaithe do gach páiste ionas nach mbeidh siad ag brú ar a chéile. Tugann na páistí faoin triail. **2. Rás tóraíochta & sealaíochta** Beidh 5/6 léarscáil den scoil gearrtha i gcodanna de dhíth don ghníomhaíocht. Roinn na páistí i bhfoirne - ceathrar nó cúigear ar gach foireann. Seasann gach foireann i líne taobh thiar den mharc tosaithe. Cuir ceithre mharc, le spás maith eatarthu, os comhair na bhfoirne. Cuir codanna den léarscáil faoi bhun gach mairc. Tar éis nod a fháil, ritheann gach ball foirne chuig an marc ar a seal agus tógann siad píosa den léarscáil ar ais abhaile leo. Bíonn an bua ag an bhfhoireann a chuireann a léarscáil le chéile ar dtús. Is féidir seo a dhéanamh arís eile ag athrú dathanna maidir le héagsúlacht. **3.Rás sealaíochta le siombail léarscáile** Déan 5/6 chóip den chluiche siombail léarscáile (sna hacmhainní ag deireadh an doiciméid) Roinn na páistí i bhfoirne de sheisear Seasann siad ag na marcanna tosaithe Cuir bosca leis an tsiombail léarscáile cúig mhéadar chun cinn ar na foirne. Cuir na focail mheaitseála i mboscaí ag na marcanna tosaithe. Tógann gach páiste focal ar a seal, ritheann siad chuig an mbosca eile leis an gcomhartha cuí a fháil agus abhaile leo. Bíonn an bua ag an bhfoireann a mheaitseálann na siombailí ar dtús.	• Cinntigh go bhfuil ainmneacha na bpáistí ar a mbileoga freagraí. • Cuidigh le páistí atá ag ag streachailt. Téigh siar ar threoshuíomh na léarscáile – déan ‘ó thuaidh’ ar an mbileog a mheaitseáil leis an gcomhartha ‘ó thuaidh’. • Cinntigh go bhfuil an tasc á chur i gcrích i gceart ag páistí. --- • Chun sórtáil a éascú, déan na léirscáileanna a chóipeáil ar dhathanna éagsúla páipéir. Má ghearrtar gach ceann ar cuma dhifriúil, féadtar an cluiche a imirt arís eile. Tá sé tábhachtach an léarscáil a ghearradh i gcéarnóga nó i ndronuilleoga ionas go mbeidh aird na bpáistí ar an léarcsáil seachas ar mhíreanna mearaí a chur le chéile. --- • Chun sórtáil a éascú, déan an cluiche a chóipeáil ar dhathanna éagsúla páipéir sula ndéantar é a lannadh



Freagraí – Bileog Bhealaigh						
1	F	D	B	E	G	
2	B	D	E	A	G	
3	F	B	E	A	G	
4	A	G	B	E	D	
5	G	A	E	B	D	
6	G	E	F	B	D	
7	D	B	G	A	E	F
8	D	F	E	B	A	
9	E	G	B	F	D	
10	A	E	F	D	B	G

Cárta Gníomhaíochta – Bileoga Bealaigh

1

Ó thuaidh



2

Ó thuaidh



3

Ó thuaidh



4

Ó thuaidh



5

Ó thuaidh



6

Ó thuaidh



7

Ó thuaidh



8

Ó thuaidh



9

Ó thuaidh



10

Ó thuaidh



Cárta Gníomhaíochta – Siombailí Léarscáile Meaitseála



foirgneamh	Tús	cosán
balla	claí	Críoch